# Polasaí um Úsáid Substaintí
# *Substance Use Policy*

## Scoil na bhForbacha
## 17668G

# S N na bhForbacha

Bóthrín Cheap na bhFaochan na Forbacha, Co.na Gaillimhe, Galway H91RR60

## Polasaí um Úsáid Substaintí

**Réamhrá**

Forbraíodh an Polasaí um Úsáid Substaintí seo i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí agus leis an bpobal scoile níos leithne, de réir an Achta Oideachais (1998), an Achta Oideachais (Leas) (2000), agus na dtreoirlínte náisiúnta maidir le húsáid substaintí.

Is é a phríomhchuspóir leas, cúram agus cosaint gach dalta i bpobal na scoile a chur chun cinn.

**Réasúnaíocht**

Tá go leor dúshlán sa saol ina bhfásann daoine óga aníos sa lá atá inniu ann, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu sin ar a sláinte agus ar a bhfolláine. Is cuid den réaltacht seo é nochtadh d'alcól, do thobac, do thuaslagóirí, do chógais agus do dhrugaí mídhleathacha.

Cuireann an polasaí seo creat soiléir ar fáil maidir le cosc, oideachas agus freagairt d'úsáid substaintí, chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na scoile.

**Raon Feidhme**

Baineann an polasaí seo le daltaí, baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí, cuairteoirí, agus le haon úsáideoirí eile d'áitribh na scoile.

Tá feidhm aige le linn an lae scoile, ar thailte na scoile, agus i ngach gníomhaíocht a bhaineann leis an scoil, cibé acu ar an láthair nó lasmuigh di (m.sh. turais scoile, imeachtaí spóirt, agus gníomhaíochtaí iarscoile).

## Gaol le hÉiteas na Scoile

Tá S N na bhForbacha tiomanta do thimpeallacht foghlama atá sábháilte, sláintiúil agus measúil a chothú.

Léiríonn an polasaí seo éiteas na scoile maidir le hoideachas iomlánaíoch, a chuireann luach ar fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus mhorálta gach dalta.

## Aidhmeanna

- Daltaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le mí-úsáid substaintí.

- An t-eolas agus na scileanna a thabhairt do dhaltaí chun roghanna freagracha agus eolasacha a dhéanamh.
- Féinmheas agus athléimneacht a chur chun cinn trí atmaisféar dearfach scoile.
- Nósanna imeachta soiléire agus comhsheasmhacha a chinntiú chun déileáil le teagmhais a bhaineann le substaintí.
- Tacú leis an bhfoireann trí oiliúint agus forbairt ghairmiúil i réimse chosc na mí-úsáide substaintí.

## Oideachas maidir le hÚsáid Substaintí

Cuirtear oideachas faoi alcól, tobac agus drugaí ar fáil mar chuid den churaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), ag úsáid acmhainní amhail:

- Clár *Walk Tall*
- *Stay Safe* agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)
- Ábhair eile atá oiriúnach don aoisghrúpa agus atá molta ag an Roinn Oideachais

Féadfaidh cainteoirí seachtracha (m.sh. Gardaí nó gairmithe sláinte) cur leis an obair ranga, ach beidh múinteoir i láthair i gcónaí agus beidh siad mar chuid de chlár pleanáilte.

## Bainistiú Teagmhas

Aithníonn an scoil go bhféadfaidh teagmhas a bhaineann le drugaí na nithe seo a leanas a áireamh (ach gan a bheith teoranta dóibh):

- Seilbh, úsáid nó soláthar alcóil, tobac, tuaslagóirí, cógas nó drugaí mídhleathacha ar áitreabh na scoile nó le linn gníomhaíochtaí scoile.
- A bheith faoi thionchar substaintí ar thailte na scoile nó ag imeachtaí a bhaineann leis an scoil.
- Aimsiú trealaimh nó paraphernalia a bhaineann le substaintí ar mhaoin na scoile.

## Nósanna Imeachta

1. Cuirfidh aon bhall foirne a fheiceann nó a bhfuil amhras aige/aici faoi theagmhas an Príomhoide nó an Leas-Phríomhoide ar an eolas láithreach.
2. Déanfaidh an Príomhoide an teagmhas a fhiosrú agus a thaifeadadh.
3. Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas má tá a bpáiste bainteach leis an teagmhas.
4. Cuirfear Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus, nuair is cuí, na Gardaí agus na seirbhísí sláinte ábhartha ar an eolas.
5. Cuirfear tacaíochtaí tréadchúraim ar fáil do dhaltaí más gá, chomh maith le bearta smachta de réir Chód Iompair na scoile.

## Substaintí ar Thailte na Scoile

- Is limistéar saor ó thobac agus ó vápáil í an scoil.
- Níl cead ag daltaí alcól ná aon drugaí a bheith ina seilbh acu ná iad a úsáid ar mhaoin na scoile ná le linn gníomhaíochtaí scoile.
- Déantar bainistiú ar chógais ar oideas agus ar chógais thar an gcuntar a theastaíonn ó dhaltaí de réir Pholasaí Riaracháin Cógas na scoile.
- Coinnítear gníomhairí glantacháin agus tuaslagóirí faoi ghlas agus stóráilte go sábháilte i gcónaí.

## Tuismitheoirí agus Cuairteoirí

Táthar ag súil go dtacóidh tuismitheoirí, caomhnóirí agus cuairteoirí leis an bpolasaí seo trí gan tobac, alcól ná substaintí eile a úsáid ar mhaoin na scoile ná ag imeachtaí scoile ina bhfuil daltaí i láthair.

Má thagann tuismitheoir nó caomhnóir chun páiste a bhailiú agus é/í faoi thionchar substaintí, tá dualgas cúraim ar an scoil gníomhú chun sábháilteacht an linbh a chinntiú.

## Foireann agus Sábháilteacht san Ionad Oibre

Tá freagracht ar gach ball foirne faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005) a chinntiú nach bhfuil siad faoi thionchar meisceán agus iad ag obair.

Má thagann imní chun cinn, féadfaidh an Príomhoide gníomhú chun sábháilteacht na foirne agus na ndaltaí a chinntiú, agus atreorú chuig seirbhísí tacaíochta cuí a dhéanamh más gá.

## Soláthar Oiliúna

Tacóidh an scoil le forbairt ghairmiúil na foirne in OSPS agus i gcosc na mí-úsáide substaintí. Déanfar riachtanais oiliúna a aithint go rialta agus lorgófar deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) ó Oide/PDST nó ó sholáthraithe eile.

Féadfar seisiúin eolais do thuismitheoirí a eagrú freisin chun an cur chuige comhpháirtíochta a neartú.

## Róil agus Freagrachtaí

- **An Bord Bainistíochta:** Daingníonn agus déanann maoirseacht ar an bpolasaí, tacaíonn leis an bhfoireann agus bainistíonn freagraí do na meáin.
- **An Príomhoide/Leas-Phríomhoide:** Cuireann nósanna imeachta i bhfeidhm, taifeadann teagmhais agus déanann teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis na Gardaí agus leis na seirbhísí sláinte de réir mar is gá.
- **Múinteoirí:** Cuireann siad an clár OSPS i bhfeidhm, cothaíonn siad timpeallacht shábháilte scoile agus leanann siad na nósanna imeachta maidir le teagmhais a thuairisciú.
- **Tuismitheoirí/Caomhnóirí:** Tacaíonn siad leis an bpolasaí agus oibríonn siad leis an scoil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní.

- **Daltaí:** Leanann siad rialacha na scoile, léiríonn siad meas orthu féin agus ar dhaoine eile, agus lorgaíonn siad cabhair nuair is gá.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhoide gach teagmhas a thaifeadadh agus a thuairisciú don Bhord Bainistíochta.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí más gá de bharr athruithe sa reachtaíocht, i dtreoirlínte náisiúnta, nó de bharr cúinsí áitiúla.

| Ról | Ainm | Síniú | Dáta |
|---|---|---|---|
| Príomhoide | Áine Ní Thuathail | Áine Ní Thuathail | 28/05/2026 |
| Cathaoirleach, Bord Bainistíochta | Murt Ó Cualáin | Murt Ó Cualáin | 28/05/2026 |

# Substance Use Policy

## Introduction

This Substance Use Policy was developed in consultation with the Board of Management, staff, parents and the wider school community, in line with the Education Act (1998), the Education (Welfare) Act (2000), and national guidelines on substance use.
Its central objective is the welfare, care, and protection of every pupil in the school community.

## Rationale

The world in which young people grow up today presents many challenges that can affect their health and wellbeing. Exposure to alcohol, tobacco, solvents, medicines and illegal drugs is part of this reality.
This policy provides a clear framework for prevention, education, and response to substance use, ensuring consistency across our school.

## Scope

This policy applies to pupils, staff, parents/guardians, visitors, and any users of the school premises.
It applies during the school day, on school grounds, and to all school-related activities, whether on or off-site (e.g. tours, sporting events, after-school activities).

## Relationship to School Ethos

S N na bhForbacha is committed to fostering a safe, healthy, and respectful learning environment.
The policy reflects our ethos of holistic education, valuing the intellectual, physical, social, emotional, and moral development of every pupil.

## Aims

- To protect pupils from the harmful effects of substance misuse.
- To provide pupils with the knowledge and skills to make responsible, informed choices.

- To promote self-esteem and resilience through a positive school climate.
- To ensure clear and consistent procedures in managing substance-related incidents.
- To support staff with training and professional development in substance use prevention.

## Education Concerning Substance Use

Education about alcohol, tobacco and drugs is provided within the **SPHE curriculum**, using resources such as:

- *Walk Tall Programme*
- *Stay Safe* and *Relationships and Sexuality Education (RSE)*
- Other age-appropriate materials recommended by the Department of Education

Outside speakers (e.g. Gardaí, health professionals) may complement classroom work, but always in the presence of a teacher and as part of a planned programme.

## Management of Incidents

The school recognises a **drug-related incident** as including (but not limited to):

- Possession, use, or supply of alcohol, tobacco, solvents, medicines or illegal drugs on school premises or during school activities.
- Being under the influence of substances on school grounds or at school-related events.
- Discovery of substance-related paraphernalia on school property.

### Procedures

1. Any staff member witnessing or suspecting an incident informs the Principal/Deputy Principal immediately.
2. The Principal investigates and records the incident.
3. Parents/guardians are informed if their child is involved.
4. The Chairperson of the Board of Management and, where appropriate, the Gardaí and relevant health services are contacted.

5. Pastoral supports are offered to pupils where needed, alongside disciplinary measures under the school's Code of Behaviour.

## Substances on School Grounds

- The school is a **tobacco- and vape-free zone**.
- Pupils may not possess or consume alcohol or any drugs on school property or during school activities.
- Prescription and over-the-counter medicines required by pupils are managed under the school's *Administration of Medicines Policy*.
- Cleaning agents and solvents are securely stored at all times.

## Parents and Visitors

Parents, guardians, and visitors are expected to support this policy by refraining from using tobacco, alcohol, or other substances on school property or at school events where pupils are present.
Where a parent/guardian arrives to collect a child while under the influence of substances, the school has a duty of care to act to safeguard the child.

## Staff and Workplace Safety

All staff have a responsibility under the Safety, Health and Welfare at Work Act (2005) to ensure they are not under the influence of intoxicants while at work.
Where concerns arise, the Principal may act to ensure the safety of staff and pupils, with appropriate referral to support services if required.

## Provision for Training

The school will support staff development in SPHE and substance misuse prevention. Training needs will be identified regularly and appropriate CPD sought from Oide/PDST or other providers.
Information sessions for parents may also be facilitated to strengthen the partnership approach.

## Roles and Responsibilities

- **Board of Management:** ratifies and oversees the policy, supports staff, manages media responses.
- **Principal/Deputy:** implements procedures, records incidents, liaises with parents/guardians, Gardaí and health services as required.
- **Teachers:** deliver SPHE programme, promote a safe school climate, follow procedures for reporting incidents.
- **Parents/Guardians:** support the policy, engage with the school in addressing concerns.
- **Pupils:** follow school rules, show respect for self and others, and seek help if needed.

## Monitoring and Review

All incidents are recorded by the Principal and reported to the Board of Management.
The policy will be reviewed if required by legislation, guidelines, or local circumstances